# *Mo Scéal:* Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil Eolas do Chleachtóirí Teimpléad 1

**Réamhrá**

Cuireann tuairiscí Mo Scéal eolas ar fáil faoi láidreachtaí an pháiste, na rudaí ar spéis leis nó léi agus na dúshláin atá le sárú aige nó aici ag aistriú ón réamhscoil go dtí an bhunscoil.

Tá ceithre chuid sna teimpléid thuairiscithe:

- **Cuid 1:** An Cleachtóir
- **Cuid 2:** An Tuismitheoir nó an Caomhnóir
- **Cuid 3:** An Páiste
- **Cuid 4:** Cead an Tuismitheora nó an Chaomhnóra

Tá dhá leagan de na teimpléid ar fáil chun rogha a thabhairt do na réamhscoileanna faoi eolas a roinnt faoi fhoghlaim agus faoi fhorbhairt an pháiste.

An t-aon difríocht atá eatarthu ná Cuid 1: An Cleachtóir. Tá codanna 2, 3 agus 4 díreach cosúil le chéile sa dhá fhormáid.

- Tá spás ar fáil i **dTeimpléad 1** chun tuairiscí a chur ar fáil bunaithe ar cheithre théama Aistear.
- Tá deich n-abairt ar fáil i **dTeimpléad 2** a bhaineann le ceithre théama Aistear mar aon le scála 4 phointe.

Treoir E**olais do Chleachtóirí maidir le Teimpléad 1** is ea é seo.
Níor cheart ach teimpléad tuairiscithe amháin a chomhlánú do gach páiste, Teimpléad 1 nó Teimpléad 2.

# Ag comhlánú ***Mo Scéal***: Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil

Ar an gcéad leathanach den teimpléad tuairiscithe tugtar sonraí pearsanta an pháiste, agus na cinn a bhaineann leis an réamhscoil agus leis an mbunscoil.

| Sonraí Pearsanta an Pháiste | |
|---|---|
| Ainm: | |
| Taitníonn ........... leis nó léi mar ainm | |
| Sloinne: | |
| Dáta breithe: | |

| Sonraí na Bunscoile agus na Réamhscoile | |
|---|---|
| An bhunscoil ina bhfuil an páiste cláraithe: | |
| Réamhscoil: | |
| Uimhir theagmhála na réamhscoile: | |
| Teagmhálaí na réamhscoile: | |
| Ról an teagmhálaí: | |

Tá spás ann freisin ag bun an chéad leathanaigh chun grianghraf den pháiste a chur ann.

# Ag comhlánú ***Mo Scéal***: Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil

**Cuid 1: An Cleachtóir**

Tá ceithre bhosca thuairiscithe i dTeimpléad 1 ina bhféadfaidh tú cur síos a dhéanamh ar mheon, luachanna agus dearcthaí, scileanna, eolas agus tuiscint an pháiste. Ba cheart duit díriú sna tuairimí a chuirfidh tú sna boscaí ar phríomhtheachtaireachtaí a sholáthar seachas cur síos ró-mhion a thabhairt.  Ní gá duit tuairimí a chur ar fáil faoi na leideanna ar fad, ach roghnaigh an 2 cheann nó na 3 cinn is mó a bhaineann leis an bpaiste a bhfuil tú ag scríobh faoi nó fúithi.

## Cuid 1: An Cleachtóir

| Folláine |
|---|
| |
| Cur síos gairid is ea an fhaisnéis thuas ar fholláine an pháiste. Dírítear ann ar mhuinín agus ar shonas an pháiste. |

# Ag comhlánú ***Mo Scéal***: Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil

## Folláine

D'fhéadfadh aidhmeanna agus spriocanna foghlama Aistear agus na leideanna thíos cabhrú leat agus tú ag déanamh cur síos gairid ar thuiscint an pháiste ar fholláine.

- Cén caidreamh atá ag an bpáiste le páistí eile sa suíomh?
- Cad iad na cineálacha spraoi a mbaineann an páiste taitneamh astu?
- Cé chomh muiníneach atá an páiste?
- Cén sórt scileanna atá ag an pháiste ó thaobh mórghluaiseachtaí ginearálta?
- Cén sórt scileanna mhínluaile níos fíneáilte atá ag an bpáiste?
- Cé chomh neamhspleách is atá an páiste?
- Cén chaoi a ndéileálann an páiste le haistrithe?
- An mbíonn teacht aniar sa pháiste de ghnáth nuair nach mbíonn rudaí mar atá beartaithe?
- Cén chaoi a ndéileálann an páiste lena a mhothúcháin nó a mothúcháin?
- Cén chaoi a mbraitheann an páiste faoi rioscaí a ghlacadh?

## Féiniúlacht agus Muintearas

D'fhéadfadh aidhmeanna agus spriocanna foghlama Aistear agus na leideanna thíos cabhrú leat agus tú ag déanamh cur síos gairid ar thuiscint an pháiste ar Fhéiniúlacht agus ar Mhuintearas.

- Cén chaoi a bhfuil forbairt ag teacht ar thuiscint an pháiste ar a f(h)éiniúlacht féin?
- Cén fhorbairt atá ag teacht ar thuiscint an pháiste gur cuid é nó í de theaghlach agus de phobal?
- Cén fhorbairt atá ag teacht ar thuiscint an pháiste gur cuid é nó í de ghrúpa na réamhscoile?
- Cad é tuiscint an pháiste ar na róil éagsúla atá ag daoine sa phobal?
- Cén chaoi a bhfuil an páiste ag tosú ag déanamh cinntí faoi ábhair a bhfuil tionchar acu air nó uirthi?
- Cén fhorbairt atá ag teacht ar scileanna sóisialta an pháiste?
- Cén fhorbairt atá ag teacht ar thuiscint an pháiste ar na rialacha agus na teorainneacha a bhaineann le hiompar atá inghlactha?
- Cén chaoi a dtéann mothúcháin agus tuairimí daoine eile i gcion ar an bpáiste?
- An léiríonn an páiste tréithe dearfacha foghlama mar neamhspleáchas, fiosracht, teacht aniar agus buanseasmhacht?
- Cén chaoi a bhfeiceann an páiste é féin nó í féin mar fhoghlaimeoir?

# Ag comhlánú ***Mo Scéal***: Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil

## Cumarsáid

D'fhéadfadh aidhmeanna agus spriocanna foghlama Aistear agus na leideanna thíos cabhrú leat agus tú ag déanamh cur síos gairid ar scileanna cumarsáide an pháiste.

- Cad iad na bealaí cumarsáide is fearr a oireann don pháiste?
- Cén teanga nó na teangacha a labhraíonn an teaghlach sa bhaile?
- An éisteann an páiste le daoine eile agus an dtugann sé nó sí freagra cuí orthu?
- An maith leis an bpáiste freagra a thabhairt ar cheisteanna oscailte éagsúla, mar shampla: 'Ní fheadar cén fáth ...'?
- An léiríonn an páiste suim i leabhair?
- An bhfuil an páiste ag foghlaim go bhfuil ciall ag baint le hábhar priontáilte?
- An bhfuil an páiste ag tosú ag úsáid TFC?
- Cén chaoi a léiríonn an páiste cruthaitheacht?
- An bhfuil an páiste ag tosú ag baint úsáide as marcanna chun brí a léiriú?

## Taiscéalaíocht agus Smaoineamh

D'fhéadfadh aidhmeanna agus spriocanna foghlama Aistear agus na leideanna thíos cabhrú leat agus tú ag déanamh cur síos gairid ar chumas an pháiste chun iniúchadh agus smaoineamh a dhéanamh.

- An mbaineann an páiste taitneamh as iniúchadh agus tástáil a dhéanamh sa timpeallacht ag baint úsáide as teagmháil, bolú, blaiseadh, féachaint agus éisteacht?
- An bhfuil tuiscint á fháil ag an bpáiste ar an am a bhí agus ar an am atá ann anois ina shaol nó ina saol féin, agus sna daoine agus sna háiteanna sa cheantar?
- An bhfuil tuiscint á fháil ag an páiste ar ghnéithe, ainmhithe agus plandaí sa cheantar
- An bhfuil an páiste ag tosú ag úsáid smaointe matamaitice i ngníomhaíochtaí laethúla?
- An mbaineann an páiste taitneamh as comhaireamh agus as uimhreacha a úsáid?
- An bhfuil an páiste ag forbairt tuisceana ar chruthanna agus ar spás?
- An mbaineann an páiste taitneamh as fadhbanna a réiteach in éineacht le daoine eile?
- An bhfuil an páiste sásta triall a bhaint as rudaí nua?
- An bhfuil an páiste ag tosú ag cruthú nasc idir foghlaim nua agus taithí roimhe sin?

# Ag comhlánú *Mo Scéal*: Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil

## Achoimre/eolas breise maidir le láidreachtaí, ábhair spéise agus dúshláin an pháiste

Tá an leathanach deiridh sa chuid seo díreach mar an gcéanna i dTeimpléidí 1 agus 2. Trí chur chuige bunaithe ar láidreachtaí a úsáid, tabhair achoimre ar láidreachtaí, ábhair spéise agus dúshláin an pháiste, bunaithe ar an eolas atá curtha ar fáil cheana sa tuairisc chomh maith le haon eolas breise ar mhaith leat a chur ar fáil. Tá sé tábhachtach pictiúr iomlán a thabhairt ar fhoghlaim an pháiste. Agus an achoimre á comhlánú agat, breithnigh:

- cad iad na gníomhaíochtaí is fearr leis an bpáiste?
- cad iad láidreachtaí an pháiste?
- cad iad na rudaí a bhfuil an páiste ag cur spéise iontu anois?
- cad iad na rudaí a mheasann an páiste a bheith dúshlánach, nó a sheachnaíonn sé nó sí nó a bhfuil deacrachtaí aige nó aici leo?

Tabhair eolas sa chaoi:

- go ndírítear ar scileanna, ar mheonta agus ar eolas an pháiste ag baint úsáide as cur chuige bunaithe ar láidreachtaí. Ní chiallaíonn sé sin gur ceart gan ach tuairimí dearfacha a chur san áireamh; tá sé tábhachtach chomh maith trácht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a mheasann an páiste a bheith dúshlánach, nó a sheachnaíonn sé nó sí nó a bhfuil deacrachtaí aige nó aici leo.
- go ndírítear ar theachtaireachtaí tábhachtacha seachas an iomarca mionsonraí a sholáthar.
- nach ndéantar an páiste a lipéadú.
- go gcuirtear an t-eolas ar fáil i dteanga atá furasta a thuiscint ag tuismitheoirí nó caomhnóirí.
- go bhfuil sé inléite, má scríobhtar de láimh é.
- go bhfuil sé bunaithe ar fhianaise ag baint úsáide as raon modhanna measúnaithe. An féidir tacú leis an eolas sa tuairisc trí ghrianghraif, tuairimí nó nótaí a sholáthar?
- go bhfuil sé ag teacht leis an aiseolas a roinneadh le páistí agus lena dtuismitheoirí nó lena gcaomhnóirí i gcaitheamh na bliana.

# Ag comhlánú ***Mo Scéal***: Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil

## Straitéisí nó smaointe úsáideacha chun tacú le haistriú an pháiste chuig an mbunscoil

Iarrtar ort anseo straitéisí nó smaointe úsáideacha a chur san áireamh chun tacú le haistriú an pháiste chuig an mbunscoil. Seo samplaí de na cineálacha smaointe a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do mhúinteoirí.

- Cuir fearas agus leabhair a bhaineann le réimse spéise an pháiste sa chúinne súgartha, m.sh (dineasáir, feirmeoireacht). Chabhródh siad sin leis an bpáiste toisc go bhfuil cuimhne iontach aige nó aici ar fhíricí agus gur breá leis nó léi leabhair a iniúchadh.
- Is breá leis an bpáiste litreacha a 'scríobh' agus pictiúir a tharraingt le haghaidh a M(h)amó sa Pholainn.
- Is maith leis an bpáiste an bréagán nó an grianghraf is ansa leis nó léi a thabhairt ón mbaile go dtí an réamhscoil.
- Má bhíonn taispeántas pictiúrtha ann a léiríonn an chaoi a dtarlaíonn imeachtaí an lae i ndiaidh a chéile chabhródh sé sin leis an bpáiste a thuiscint cad é an chéad rud eile a tharlóidh.
- Nuair a chantar amhrán gníomhaíochta cuidíonn sé leis an bpáiste aistriú ó chuid amháin den ghnáthamh go dtí an chuid eile.
- Nuair a bhíonn an páiste i ngrúpa ina bhfuil níos lú ná ceathrar, cabhraíonn sé leis nó léi déileáil níos fearr le seal a ghlacadh agus comhoibriú le páistí eile.
- Má bhíonn greim ag an bpáiste ar phrapa a bhaineann le scéal, cabhraíonn sé leis nó léi suim a chur ann agus é a thuiscint níos fearr.
- Is breá leis an bpáiste freagraí a thabhairt ar cheisteanna oscailte agus mar sin tá sé tábhachtach a lán deiseanna a thabhairt dó nó di chun smaoineamh a dhéanamh agus labhairt le duine fásta ar bhonn duine le duine nó i seisiúin ina bhfuil grúpaí beaga.

## Conas is féidir le tuismitheoir(í) nó le caomhnóir(í) tacú le foghlaim an pháiste i rith an tsamhraidh

Iarrtar ort sa chuid seo roinnt moltaí a thabhairt do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí faoi thacú le foghlaim bhreise i rith an tsamhraidh. D'fhéadfadh rudaí a bheith i gceist anseo chun tuismitheoirí nó caomhnóirí a spreagadh chun:

- imeachtaí nó súgradh a eagrú le páistí a bheidh ag aistriú chuig an scoil chéanna.
- clárú sa leabharlann agus leabhair pictiúr a léamh agus a phlé.
- triail a bhaint as spraoi eachtrúil amuigh faoin aer, cnoc sa cheantar a dhreapadh nó dul ag rothaíocht níos faide ná mar is gnách.
- tacú le neamhspleáchas ó thaobh féinchúraim agus le neamhspleáchas ginearálta sa bhaile. Féach chuige go mbeidh an páiste páirteach i ngníomhaíochtaí mar athchúrsáil, an bord a leagan, é nó í féin a ghléasadh, a lámha a ní agus aire a thabhairt dá rudaí féin.
- cuir prapaí oscailte ar fáil sa bhaile mar bhoscaí, pacáistí bia athchúrsáilte, éadach, páipéar, criáin, péint, scuaba, siosúr, téip ghreamaitheach.

# Ag comhlánú ***Mo Scéal***: Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil

## Freastal

Iarrtar ort a insint sa chuid seo ar fhreastail an páiste ar an réamhscoil ar feadh bliana nó dhá bhliain trí thic a chur sa bhosca cuí. Déan taifead ar líon na laethanta a d'fhreastail an páiste ar an réamhscoil i rith na bliana reatha réamhscolaíochta. Tarraingíonn sé seo aird na dtuismitheoirí nó na gcaomhnóirí ar an luach a bhaineann le bheith i láthair go rialta.

| Freastal | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Blianta sa Réamhscoil | 1 bhliain | | 2 bhliain | |
| Líon na laethanta a d'fhreastail an páiste i rith na bliana réamhscoile seo | | | ____ de | ______ |

**Cuid 2: An Tuismitheoir nó an Caomhnóir**

Tá sé roghnach do thuismitheoirí ná do chaomhnóirí an chuid seo a chomhlánú ach ní mór a insint dóibh go bhfuil an deis acu é a chomhlánú. Is féidir le tuismitheoirí nó le caomhnóirí eolas a roinnt anseo faoin bpáiste agus, sa chaoi sin, tacaíocht bhreise a thabhairt d'fhoghlaim an pháiste agus é nó í ag aistriú chuig an scoil. Cé go gcomhlíonfaidh an chuid is mó de na tuismitheoirí nó na caomhnóirí an chuid seo iad féin, d'fhéadfadh cabhair a bheith ag teastáil ó dhaoine eile. Is féidir leat tacaíocht a thairiscint do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí chun an chuid seo a chomhlánú nó is féidir leo é a líonadh isteach sa bhaile — tá an aithne is fearr agatsa ar thuismitheoirí nó ar chaomhnóirí na bpáistí. Ba cheart *Mo Scéal: Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil Eolas do thuismitheoirí* a roinnt le tuismitheoirí nó le caomhnóirí sula gcomhlánaítear an chuid seo. Chomh maith le sonraí pearsanta, tá trí cheist ann do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí le freagairt - rudaí ar mhaith leo a insint do bhunscoil an pháiste faoi nó fúithi, aon mholtaí a d'fhéadfadh a bheith acu chun cuidiú leis an bpáiste socrú isteach i naíonáin shóisearacha agus aon fhaisnéis bhreise ba mhaith leo a roinnt.

# Ag comhlánú ***Mo Scéal***: Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil

**Ainm an bhaill teaghlaigh atá ag comhlánú na foirme seo**

| | |
|---|---|
| Ainm: | |
| Sloinne: | |
| Gaol leis an bpáiste: | |

**Cad ba mhaith leat a bheith ar eolas ag bunscoil nua do pháiste mar gheall air nó uirthi?**

**An bhfuil aon mholtaí agat a d'fhéadfadh cabhrú le do pháiste socrú isteach i naíonáin shóisearacha?**

**An bhfuil eolas breise faoi do pháiste ar mhaith leat a insint don bhunscoil?**

# Ag comhlánú ***Mo Scéal***: Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil

**Cuid 3: An Páiste**

Níor cheart an chuid seo a chomhlánú ach amháin má thugann an páiste cead, sé sin:

1. go bhfuil sé nó sí sásta páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht maidir le dul ar scoil.
2. go bhfuil sé nó sí sásta gníomhaíocht a roinnt leis an mbunscoil.

Cabhróidh na haghaidheanna sona nó brónacha leis an bpáiste an méid atá á iarraidh a thuiscint. B'fhéidir nach mbeidh roinnt páistí, mar shampla iad siúd a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (RSOanna) acu, in ann an leathanach a mharcáil ach déanfaidh an cleachtóir, i gcomhairle le tuismitheoirí agus le caomhnóirí, cinneadh an bhfuil an páiste sásta páirt a ghlacadh nó nach bhfuil.

Déan deimhin de go bhfuil ainm an pháiste scríofa go soiléir ar bharr an leathanaigh ina bhfuil a líníocht nó a g(h)rianghraf nó a g(h)earrthóg. B'fhéidir gur mhaith le roinnt páistí a n-ainmneacha féin a scríobh nó marc a dhéanamh ar an leathanach chomh maith.

## Cuid 3: Páiste

Ainm:

# Ag comhlánú ***Mo Scéal***: Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil

Le comhlánú ag an gcleachtóir réamhscoile in éineacht leis an bpáiste. Trí mharc a chur ar an aghaidh chuí tugtar an rogha don pháiste:

(1) páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht maidir le dul ar scoil

(2) gníomhaíocht a roinnt leis an mbunscoil

| Cuir marc ar an aghaidh chuí | |
|---|---|
| Táim sásta páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht faoi dhul chuig mo bhunscoil nua. |   |
| Táim sásta ligean duit mo ghníomhaíocht a roinnt le mo bhunscoil nua. |   |

# Ag comhlánú ***Mo Scéal***: Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil

## Gníomhaíochtaí Aistrithe

Cabhróidh gníomhaíochtaí aistrithe le páistí smaoineamh ar cad ba mhaith leo a tharraingt nó a roinnt lena múinteoir nua. Má dhéantar leabhair faoi thosú ar scoil a léamh agus a phlé chabhródh sé sin leis na páistí.

B'fhéidir gur pictiúr a bheadh ann:

- den réamhscoil - an áit, na daoine, na gníomhaíochtaí agus bréagáin atá ann.
- foirgneamh na scoile nó an clós nó an clós súgartha.
- cuid de na gníomhaíochtaí ar mhaith leo a dhéanamh ar scoil.
- rudaí i gcomhair na scoile – éide scoile, mála scoile, bosca lóin nó culaith spóirt.
- teaghlach, cairde nó peataí atá tábhachtach dóibh.

Maidir le páistí nach mian leo aon rud a tharraingt nó nach féidir leo tharraingt a dhéanamh, tabhair an rogha dóibh an grianghraf is fearr leo a roghnú nó gearrthóg as iris a ghreamú.
D'fhéadfadh ceann acu seo a bheith i gceist:

- grianghraf den pháiste ag glacadh páirte sa ghníomhaíocht is fearr leis nó léi.
- grianghraf den pháiste sa chlós súgartha.
- grianghraf de pheata an teaghlaigh.
- pictiúr gearrtha as iris.

Chomh luath agus a bheidh Cuid 3: An Páiste críochnaithe d'fhéadfá an páiste a spreagadh chun labhairt faoi agus, dá n-aontódh sé nó sí chuige, d'fhéadfá tuairimí a chur leis an bpictiúr ionas go dtuigfeadh an múinteoir an pictiúr nó ábharthacht an ghrianghraif nó na gearrthóige. Scríobh an tuairisc ar leathanach ar leith, ansin cuir leis an bpictiúr nó an grianghraf nó an ghearrthóg í.

# Ag comhlánú *Mo Scéal*: Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil

**Cuid 4: Cead Tuismitheora nó Caomhnóra**

Ní mór cead an Tuismitheora nó an Chaomhnóra a fháil chun tuairisc chríochnaithe an pháiste a sheoladh chuig an mbunscoil cuí. Ní féidir an tuairisc a sheoladh chuig an mbunscoil mura dtabharfar cead chuige sin. Agus cead á iarradh, ba cheart a thabhairt le fios do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí go bhféadfadh eolas príobháideach a bheith sa tuairisc freisin maidir le bunús ciníoch nó eitneach a bpáiste, nó maidir le folláine nó mhíchumas nó ar riachtanas speisialta oideachais an pháiste chomh maith le heolas ginearálta maidir le foghlaim a bpáiste. Chomh luath agus a roinntear trí chuid na tuairisce (An Cleachtóir, an Tuismitheoir nó an Caomhnóir, an Paiste) le tuismitheoirí nó caomhnóirí, ba cheart a iarradh orthu tic a chur ar na roghanna cuí a chuirtear ar fáil, agus ansin an tuairisc a shíniú agus an dáta a chur léi. Síníonn an cleachtóir a chríochnaíonn an tuairisc agus an bainisteoir an tuairisc agus cuireann siad isteach an dáta. Cuirtear níos mó eolais faoin iarratas seo ar fáil do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí i Mo Scéal: Ag Gluaiseacht ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil Eolas do thuismitheoirí. Ba cheart é a thabhairt dóibh nuair a thugtar cuid an Tuismitheora nó an Chaomhnóra dóibh le comhlánú. Plean maith é freisin cóip lannaithe a bheith ar fáil do thuismitheoirí ar an lá sin a n-iarrtar cead orthu.

| Cuir tic ar na roghanna thíos a bhaineann le hábhar | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Léigh mé an tuairisc faoi mo pháiste. | Léigh mé | | Níor léigh mé | |
| Tugaim cead don réamhscoil an fhaisnéis uile a roinnt le bunscoil mo pháiste, lena n-áirítear aon eolas príobháideach atá sa tuairisc. | Sea, tugaim cead. | | Ní hea, ní thugaim cead. | |
| Tugaim cead don réamhscoil agus don bhunscoil ábhar na tuairisce a phlé. | Sea, tugaim cead. | | Ní hea, ní thugaim cead. | |

| | Sínithe | Dáta |
|---|---|---|
| Tuismitheoir nó Caomhnóir: | | |
| Cleachtóir: | | |

**Conclúid**

Má dhéantar gach cuid den tuairisc a chomhlánú cinnteofar go gcuirfear pictiúr cuimsitheach d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an pháiste ar fáil ag deireadh na bliana réamhscoile. Tá an t-eolas seo an-tábhachtach do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí agus beidh sé an-luachmhar go deo do mhúinteoirí freisin agus na páistí ag leanúint ar aghaidh ar a dturas oideachasúil ón réamhscoil go dtí an bhunscoil.